




Cuirimis Comhionannas Inscne i bhFeidhm

Faigh amach conas is féidir linn cabhrú leat le do chuid oibre

Bunachar Sonraí Staitisticí um Chomhionannas Inscne

Tá tionchar á imirt ag cinní ó Pharlaimint na hEorpa ar mhná agus fir sa tslí chéanna. Bíonn sonraí cruinne atá imdhealaithe ó thaobh gnéis de agus íogair ó thaobh inscne de ina gcuidiú chun tionchar na mbeartas a rianú agus tugtar le fios leo na háiteanna inar féidir níos mó a dhéanadh chun na bearnaí inscne a sainaithníodh a dhúnadh. Is féidir forléargas a fháil ónár mBunachar Sonraí Staitisticí Inscne.



Tugtar ár gcuid sonraí ar mhná agus ar fhir i bpoist chinnteoireachta cothrom le dáta ar bhonn ráithiúil agus tá staitisticí ó pholaitíocht, ó ghnó, ón tsochaí shibhialta, ón gcomhshaol, ón gcóras oideachais, ó eolaíocht agus taighde, ón spórt agus ó na meáin cuimsithe iontu.


Tugtar lenár mbunachar sonraí léargas cruinn do mhná agus d'fhir i réimsí beartais an Aontais Eorpaigh agus gach straitéis a bhaineann le comhionannas inscne.

Tá sonraí againn freisin maidir le foréigean bunaithe ar inscne san Aontas Eorpach.

An tInnéacs Comhionannais Inscne

Gach bliain, foilsíonn EIGE an tInnéacs Comhionannais Inscne, ina scrúdaítear staid an chomhionannais inscne i mBallstáit an Aontais agus ina ndéantar faireachán ar fhorbairtí ó 2005 i leith. Tá ár n-uirlis ar líne ina cuidiú chun seiceáil éasca a dhéanamh ar an áit a bhfuil do thír féin urithi agus déantar comparáid idir na sé réimse oibre, airgid, eolais, ama, cumhachta agus sláinte. Léiríonn an t-innéacs éagsúlacht an Aontais Eorpaigh agus is féidir breathnú ar na tionchair éagsúla a bhíonn ag aois, ag an gcineál teaghlaigh, ag an oideachas, ag an tír bhreithe agus ag míchumais ar an neamh-chomhionannas inscne.

Index score / European Union ▼



Trianghráf: Scóir 2017 san Innéacs Comhionannais Inscne

Scaoilfead eagrán na bliana 2019 an 15 Deireadh Fómhair agus beidh fócas ar leith ann ar chothromaíocht oibre is saoil. Scrúdófar saoire do thuismitheoirí, cúram neamhfhoirmiúil, foghlaim ar feadh an tsaoil, socruithe solúbtha oibre, agus bonneagar poiblí ar fud an Aontais Eorpaigh.

Domain scores

Click on a domain to see details



Work



Money



Knowledge



Time



Power



Health



Violence



Intersecting inequalities

Tacaíocht EIGE d'uachtaránachtaí na Comhairle

Ullmhaíonn EIGE taighde do gach uachtaránacht rothlach Chomhairle an Aontais Eorpaigh. Is é an Ballstát a bhfuil an cathaoirleach aige agus an Coimisiún Eorpach a dhéanann an cinneadh i gcomhpháirt faoin ábhar.

Sa nóta taighde 2019 d'Uachtaránacht na Rómáine, rinneadh scrúdú ar an dealú inscne ó thaobh pá de san Aontas agus fuarthas go bhfuil saothrú saoil na mban 40 % níos ísle ná saothrú saoil na bhfear. Maidir le hUachtaránacht na Fionlainne, ullmhóidh EIGE athbhreithniú iomlán ar an gcaoi a bhfuil na Ballstáit ag cur Clár Oibre Gníomhaíochta Bhéising chun feidhme, ar rún é a ghlac Ceathrú Comhdháil Domhanda ar Mhná de chuid na Náisiún Aontaithe agus tiomantas idirnáisiúnta an Aontais Eorpaigh.

Foréigean inscne

Cá mhéad a íocann an tAontas Eorpach chun déileáil le foréigean i gcoinne na mban? An fadhb í san Aontas ciorrú ball giniúna ban? An bhfuil fíorbhagairt ag baint le cibearfhoréigean? Tá freagraí



ar na ceisteanna seo agus ar go leor ceisteanna eile le fáil inár gcuid taighde maidir le foréigean bunaithe ar inscne, agus faisnéis a bhaineann go sonrach le tír faoi leith mar an-chuid de.

Acmhainní comhionannais inscne

Tá ár n-acmhainní ar líne deartha ionas gur féidir leat iad a úsáid.



Modhanna agus uirlisí príomhshruthaithe inscne

Agus sonraí imdhealaithe gnéis á mbailiú agus tacaíocht pholaitiúil á forbairt do thionscnaimh um chomhionannas inscne, mar shamplaí, mínítear lenár gcuid mhodhanna agus uirlisí cad atá i gceist le príomhshruthú inscne agus conas is féidir leis cuidiú le sochaí níos cothroime a fhorbairt.

Sraith straitéisí cumarsáide atá íogair ó thaobh inscne de

Cad í an chosúlacht idir “póilín”, “dlíodóir ban” agus “croitheadh láimhe banúil”? Mar a léirítear i sraith straitéisí cumarsáide atá íogair ó thaobh inscne de de chuid

EIGE, is samplaí iad go léir de theanga ghnéasaíoch: ní fir iad gach oifigeach póilíneachta, ní úsáidí an téarma “dlíodóir fireann”, agus is iondúil gur masla é croitheadh láimhe “banúil”. Bain úsáid as ár leabhrán cumarsáide atá íogair ó thaobh inscne de agus as ár n-uirlis idirghníomhach ar líne chun cabhrú leat aithisc agus ábhar a chruthú lena mblíonn meas ar gach duine, vótálaithe agus do chomhchomhaltaí Pharlaimint na hEorpa ina measc.



Gluis agus teasáras

Cad é an difríocht idir gnéas agus inscne? Cad iad steiréitíopaí inscne? Agus breis is 400 iontráil in 15 theanga iontu, cabhróidh ár ngluais agus teasáras leat an téarmaíocht cheart a úsáid i ndáil le comhionannas inscne.

Leabharlann

Ar mhaith leat tuilleadh a fháil amach faoi shaincheist um chomhionannas inscne? Le níos mó ná 800 000 liosta inti, beidh tú eolach inár leabharlann maidir le cén taighde atá ar fáil agus cá háit ar féidir teacht ar an taighde sin.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne

Is éard atá san Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE) ná comhlacht neamhspleách de chuid an Aontais Eorpaigh a bunaíodh chun comhionannas inscne a neartú ar fud an Aontais Eorpaigh. Is luach bunúsach de chuid AE é an comhionannas idir fir agus mná agus tá dualgas ar EIGE é seo a bhaint amach san Eoraip agus níos faide anonn. Mar chuid de sin ní mór do EIGE a bheith ina lárionad eolais Eorpach maidir le saincheisteanna comhionannais inscne, ní mór dó tacú le príomhshruthú inscne i ngach beartas AE agus na mBallstát, agus cur in éadan idirdhealú bunaithe ar ghnéas.

An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, EIGE

Gedimino pr. 16

LT-01103 Vilnius

AN LIOTUÁIN

Teil. +370 52157444

✉ eige.sec@eige.europa.eu

🌐 <http://www.eige.europa.eu>

🐦 www.twitter.com/eurogender

📘 www.facebook.com/eige.europa.eu

📺 www.youtube.com/eurogender

🌐 <http://eurogender.eige.europa.eu>

🌐 <https://www.linkedin.com/company/eige/>

Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2019

Print ISBN 978-92-9482-348-9 doi:10.2839/284546 MH-04-19-352-GA-C

PDF ISBN 978-92-9482-329-8 doi:10.2839/0197 MH-04-19-352-GA-N

Íomhá chumhdaigh: Alexandros Michailidis/Shutterstock.com

© An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne, 2019

Údaraítear atáirgeadh, ar choinníoll go n-admhaítear an fhoinse.

Údaraítear athúsáid a fhad is go ndearnadh an foinse a admháil, nár cuireadh an bhrí bhunaigh as a riocht agus nach bhfuil EIGE faoi dhliteanas i leith aon damáiste a bheadh ann mar gheall ar an úsáid sin. Cuirtear beartas athúsáide EIGE chun feidhme le Cinneadh ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2011 maidir le doiciméid an Choimisiúin a athúsáid (2011/833/AE).



Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh



an Institiúid Eorpach
um Chomhionannas Inscne